


**Seo Jesse. Tá sé cúig bliana d'aois agus tá sé ina chónaí in Koforidua in oirthear Ghána, in iarthar na hAfraice, lena thuismitheoirí, Hannah agus Daniel agus a dheartháir Kelvin, atá ocht mbliana d'aois.**

Sightsavers



Thug Hannah, máthair Jesse, faoi deara go raibh sé deacair dó rudaí a léamh. D’fhéach sí go cúramach agus chonaic sí marcanna beaga bána ar shúile Jesse. Thug sí chun na hotharlainne é le haghaidh scrúdú dochtúra.

Sightsavers



**Dúirt an dochtúir go raibh cataracht ar shúil Jesse, galar a fhágann scamall ar lionsa na súile, ar nós go bhfuil ceo ann. Is féidir radharc na súl a chailleadh dá bharr freisin. Ar an dea-uair bhí deis ag Jesse obráid a fháil agus leigheasadh é.**

Sightsavers



Bhí ar Jesse spéaclaí dubha gréine a chaitheamh i ndiaidh na hobráide, agus braonta a chur ina súile chun iad a chosaint. Ghoin na braonta súile Jesse, ach bhí a fhios aige go gcabhróidís leis biseach a fháil.

Sightsavers




**Dúirt Daniel, athair Jesse, "Tá an t-ádh orainn go raibh an obráid ag Jesse... Tá súil againn go n-oibreoidh sé go dian sa scoil agus go mbeidh post maith aige nuair a bheidh sé mór."**

Sightsavers



Seo Sruthika. Tá sí ceithre bliana d'aois agus tá sí ina cónaí in Tamil Nadu san India. Is maith léi bheith ag canadh sa scoil agus ag imirt 'maide is liathróid' le Vishnau, an cara is fearr atá aici. Tá Sruthika dall; úsáideann sí fuaimeanna coiscéime chun daoine a aithint.

Sightsavers



**Seo í Sruthika ag canadh agus ag rince lena cairde – an rud is fearr léi ar fad!**



Seo Frances. Tá sé 13 bliana d’aois agus is as an Tansáin dó. Níl radharc na súl go maith ag Frances. Mar sin, úsáideann sé Braille chun léamh agus scríobh. Is breá leis peil a imirt ag am sosa. Tá cloigín sa liathróid a chabhraíonn leis an cluiche a imirt. Deir Frances, “Deir daoine go mbím gan eagla ar an bpáirc peile!”

Sightsavers



**Is as an Tansáin í Bahti freisin (sa lár) agus tá sí 13 bliana d'aois. Tá sí dall ó bhí sí seacht mbliana d'aois. Seo iad a cairde, Adelina (ar chlé) agus Gloria (ar dheis). Úsáideann Bahati Braille chun léamh sa scoil. Ba mhaith léi bheith ina hollamh nuair a bheidh sí mór.**

Sightsavers



Is é an caitheamh aimsire is fearr le Bahati ag am lóin ná scipeáil. Seo í ag scipeáil lena cara Adelina, a bhfuil radharc lag aici féin. Ba mhaith le Adelina a bheith ina haltra nó ina hoibrí sláinte nuair a bheidh sí níos sine.

Sightsavers



**Seo Vipin. Tá sé 11 bhliain d'aois agus as sráidbhaile darb ainm Melpalai san India é. Bhí sé i gcónaí dall. Chaith múinteoir scoile dhá bhliain ag múineadh dó conas Braille a léamh. Deir Vipin: "i ndiaidh na scoile, is maith liom bheith ag súgradh sa bhaile: cruicéad, folach bíog agus ansin déanaim mo chuid obair bhaile."**

Sightsavers



**Is as Uganda é Difasi. Tá sé naoi mbliana d'aois agus tá sé dall ó rugadh é. Ní théann sé ar scoil mar ní mór dó bheith ag obair chun cabhrú lena mhuintir. Ba bhreá leis dul chun na scoile agus bheith ina dhochtúir, b'fhéidir.**

Sightsavers



**Seo deichiú Cluichí na nDall sa Chéinia agus tá Derek Mutena ar dhuine de na 430 páiste atá ag glacadh páirt iontu. Seo é ag glacadh páirt i gcomórtas na léime airde.**

Sightsavers




**Seo cuid de na hiomaitheoirí eile. Coinníonn treoraí greim láimhe ar gach duine de na reathaithe a ghlacann páirt sa rás. Ní léir i gcónaí cé hé an treoraí!**

Sightsavers



**Imríonn na páistí leadóg bhoird agus púicíní orthu sa chaoi is nach mbeidh buntáiste ag na daoine is fearr a bhfuil radharc na súl acu. Faigheann an buaiteoir trófaí agus buicéad plaisteach!**

Sightsavers



Is as St Lucy sa Chéinia í Emma agus tá sí 14 bliana d'aois. Is cuimhin le gach duine an rud a tharla d'Emma ag na cluichí anuraidh – thit an treoraí a bhí aici ach lean Emma uirthi go deireadh an rása. I mbliana, bhain sí a dreas sa léim ard.

Sightsavers